Aithnímid go mbainimid barr ár gcumais amach nuair a oibrímid le chéile agus go neartaíonn sé sin an tslí a gcomhlíonaimid fíis na Roinne.

Forbraímid caidreamh gairmiúil lenár gcomhghleacaithe sa Roinn, ar fud an mhórchórais Rialtais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Baineann tábhacht leis an gcairdeas a d'fhorbraíomar le comhghleacaithe. Tugaimid tacaíocht dá chéile in amanna deacrachta agus tagaimid ar réitigh le chéile. Is é an toradh atá ar fhoghlaim ó nithe nár éirigh leo go bhfuilimid níos láidre agus níos athléimní.

Ardchaighdeáin a Sholáthar



Tá freagracht orainn as obair thábhachtach a sholáthar agus socraímid ardchaighdeáin le haghaidh na hoibre a dhéanaimid agus le haghaidh na slí a ndéanaimid í.

Tá meas againn ar shaineolas ár mball foirne, á aithint go rannchuidíonn a gcuid taithí, eolais agus cáilíochtaí lenár gcumas chun obair ardchaighdeáin a sholáthar.

Oibrímid ar bhealach oscailte trédhearcach. Comhroinnimid ár gcuid saineolais, eolais agus taithí ar fud ár Roinne féin agus ar fud Ranna eile.

Déanaimid freagracht a thabhairt agus a ghlacadh, agus ceannaireacht á spreagadh ar gach leibhéal. Forbraímid ár mbaill foirne, déanaimid meantóireacht orthu agus infheistímid iontu chun gur féidir linn ár n-acmhainneacht a bhaint amach agus fíis na Roinne a chomhlíonadh inár n-aonar agus i dteannta a chéile.

Tionchar a Imirt



Déanaimid uile ár gcion i bhfíis na Roinne a chomhlíonadh, agus difríocht á déanamh agus Éire atá ann faoi láthair agus a bheidh ann san am atá le teacht á múnú.

Spreagtar sinn obair i dtreo todhchaí níos fearr a bhaint amach. Is údar mór bróid dár n-eagraíocht iad an tionchar agus an leagáid sin.

Tá bród orainn as cáilíocht ár gcuid oibre, agus fios againn go mbeidh tionchar aici go ceann i bhfad.

Aithnímid go dteastaíonn misneach, cruthaitheacht agus díriú ar an todhchaí chun athruithe a bhaint amach. Spreagaimid dúshláin dhearfacha, dearcthaí difriúla agus smaointe nua chun gur féidir linn soláthar agus forbairt.

Ár Roinn

Imríonn obair ár Roinne tionchar dearfach ar an ngnáthshaol laethúil in Éirinn, agus is rud é sin a bhfuilimid sa Roinn an-bhródúil as. Spreagtar sinn obair i dtreo toadhcháí níos fearr a bhaint amach, agus tá bród orainn as cáilíocht ár gcuid oibre, agus fios againn go mbeidh tionchar aici ar ghlúine eile go ceann i bhfad. Is údar mór bróid dár n-eagraíocht iad an tionchar agus an leagáid sin.

Úsáidtear Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí Chomhroinnte chun tionchar a imirt ar an obair a dhéanaimid agus chun an obair sin a mhúnlú. Tá an uailmhian atá leagtha amach ag an Rialtas léirithe go fóill san fhís atá againn le haghaidh Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de. Táimid tiomanta freisin do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú ar fud ár gcuid oibre, agus déanaimid formhaoirseacht ar a gcur chun feidhme ar fud Ranna eile Rialtais ar mhaithe le tuilleadh comhleanúnachais beartais a bhaint amach i réimse na forbartha inbhuanaithe.

Tá raon éagsúil taithí agus saineolais ag an mbreis agus 700 ball foirne atá againn agus tá díograis agus tiomantas acu go léir do sheirbhís phoiblí. Ní hé amháin go bhfuil an éagsúlacht sin le feiceáil sa chineál oibre a dhéanaimid ar fud roinnt earnálacha difriúla ar mhaithe lenár bhfís a chomhlíonadh, ach tá sí le feiceáil freisin sa dóigh a gcuirimid an obair sin i gcrích. Táimid freagrach as forbairt beartais, as cur chun feidhme clár, as obair oibríochtúil allamuigh, as bainistíocht conartha, as comhlíonadh agus as formhaoirseacht rialachais.



Ár gcaidreamh comhoibríoch le rialálaithe, leis an rialtas áitiúil, le gnólachtaí, leis an tsochaí shibhialta agus le saoránaigh, tá sé ríthábhachtach maidir leis an bhfís atá againn a bhaint amach, is é sin: Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de.





Le linn dúinn ár sainordú a chomhlíonadh, faighimid tacaíocht ó 14 Chomhlacht Stáit, a chuimsíonn roinnt príomhchomhlachtaí tráchtála, neamhtráchtála agus rialála, a imríonn ról ríthábhachtach i bhfís an Rialtais d'Éirinn a chomhlíonadh.

Tá ról ceannaireachta againn i leith forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais agus na cláir a theastaíonn chun leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht eacnamaíoch agus cruthú post atá ag gilleagar aeráidneodrach i réimsí amháil aistriú cóir, iarfheistiú, fuinneamh in-athnuaite, úsáid inbhuanaithe acmhainní, agus cosaint agus athchóiriú an chomhshaoil. Tá ríthábhacht ag baint le líonraí teileachumarsáide ardluais agus láidre a sholáthar, agus lena chinntiú go mbíonn ár gcórais chibearshlándála slán ó bhagairtí, maidir le forbairt inbhuanaithe gheilleagrach agus shóisialta, agus tá an méid sin níos ríthábhachtaí fós de réir mar a oibrímid ar bhealaí difriúla anois.

Tá rún daingean againn obair i gcomhpháirt ar fud an Rialtais chun ár spriocanna straitéiseacha a chur ar aghaidh agus chun tacú le Ranna eile tosaíochtaí trasnaí Rialtais a chomhlíonadh.

Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Cumarsáid



Commission for
Communications Regulation



THE DIGITAL HUB

Fuinneamh



Energy for
generations



An Coimisiún um Rialáil Fóntais
Commission for
Regulation of Utilities

Bord na Móna



NATIONAL OIL RESERVES AGENCY
AN GHIOMHAIREACHT CHUICHTACOLA NAÓILTÁ



SUSTAINABLE
ENERGY AUTHORITY
OF IRELAND

Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide



Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Acmhainní Nádúrtha



Iascach Inntre Éireann
Inland Fisheries Ireland



Gníomhaireacht na Lochanna
Facilte Iú Loughs

Imríonn obair ár Roinne tionchar dearfach ar an ngnáthshaol laethúil in Éirinn.



Domhan a bhíonn ag Athrú

Is éiginnte atá an domhan ina n-oibrímid. Leanann athruithe domhanda geopholaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta le teacht chun cinn. Ó foilsíodh an Straitéis roimhe uainn, tháinig meath ar an tírdhreach cibearbhagartha, tháinig méadú ar na rioscaí do sholáthairtí slána agus inbhuanaithe fuinnimh de dheasca an chogaidh san Úcráin, tháinig athrú ar an dóigh a n-oibrímid, agus d'éirigh obair chumaisc ina gné thábhachtach den dóigh a gcuireann cuid mhór eagraíochtaí a gcuid gnó i gcrích, agus iad spleách ar nascacht thapa shlán.

Tá príomhról ag ár Roinn maidir leis an bhfreagairt do chuid mhór rioscaí suntasacha ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an cur isteach ar sholáthar slán inbhuanaithe fuinnimh, eisiamh nascachta digítí, cibearshlándaíl, bagairtí hibrideacha, an phráinn mhéadaithe a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an mbithéagsúlacht, na tionchair a bhíonn ag eachtraí adhamsire, agus an tionchar a bhíonn ag srianta ó thaobh shlabhra an tsoláthair de agus ó thaobh acmhainne de ar ár gclár uailmhianach iarfheistithe. Gnáthghné dár gcuid gnó, mar sin, is ea athruithe a bhainistiú, déileáil le géarchéimeanna, agus rioscaí a bhainistiú sa domhan éiginnte seo.

Táimid ag díriú ar an gcumas atá againn déileáil leis an éiginnteacht sin agus leanúint lenár gcuid tosaíochtaí a chomhlíonadh trína chinntiú gur eagraíocht fheagrúil shofhreagrach sinn. Trínár gCreat Soláthair Straitéisigh, tá sásra láidir i bhfeidhm againn chun a chinntiú go mbíonn ár gcuid tosaíochtaí, acmhainní agus daoine ailínithe go cuí agus go mbíonn siad faoi réir athbhreithniú tráthrialta ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta agus ar leibhéal na nAíreí chun a chinntiú go mbíonn siad ailínithe amhlaidh. Leanaimid le foghlaim ón dóigh ar bhainistiomar géarchéimeanna roimhe agus, a bhfuil leis an taithí sin, tá muinín mhór againn as ár gcumas chun freagairt don éiginnteacht agus d'athruithe agus chun an méid sin a bhainistiú.



Ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach



Dul Chun Cinn Teicneolaíoch agus an Tírdhreach Cibearshlándála



Clár an Rialtais, an Plean Forbartha Náisiúnta, agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide



Athruithe Sochaíocha agus Eacnamaíocha



Caidreamh agus Comhoibriú Náisiúnta le Geallsealbhóirí



Ceangaltais agus spriocanna idirnáisiúnta




Aistriú chuig Éirinn a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Athruithe i Saol na hOibre



Ár Spriocanna Straitéiseacha

01

A bheith mar cheannaire aitheanta maidir le gníomhú ar son na haeráide



02

Ár gcóras fuinnimh a bhunathrú chun todhchaí shlán inacmhainne astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach.



03

Ár dtimpeallacht nádúrtha a athshlánú, a chosaint agus a fheabhsú



04

Nascacht agus cumarsáid den scoth a sholáthar



05

Cosaint agus athléimneacht fheabhsaithe cibearshlándaála a sholáthar ar fud an Rialtais agus na Sochaí



06

Ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt





Spríoc Straitéiseach OI

OI

A bheith mar cheannaire aitheanta maidir le gníomhú ar son na haeráide

Toradh na Sprice

Táimid ar chonair shoiléir i dtreo aistriú cóir chuig astaíochtaí glan-nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050, agus ár n-astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa á laghdú againn faoi 51% sa tréimhse ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2030; bímid ag oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide nach féidir a sheachaint agus ag cothú athléimneacht ina n-aghaidh; tá sochaí chumhachtaithe réamhghníomhach againn ina dtógtar pobail agus gnólachtaí inbhuanaithe; agus bímid ag uasmhéadú deiseanna eacnamaíocha.



SFI - Spríoc 11
Cathracha agus
Pobail Inbhuanaithe



SFI - Spríoc 13
Gníomhú ar son
na hAeráide

Cuspóir Straitéiseach

Éire a chur ar chonair i dtreo a bheith mar cheannaire i ndul i ngleic leis an gcliseadh aeráide

Dul i gcomhar le gach pobal agus earnáil, agus iad a chumhachtú, chun conairí a dhearadh agus a sholáthar ar mhaithe lenár spríocanna aeráide a bhaint amach

Gníomhartha

- Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus ár mbuiséid charbóin agus ár n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh, á chinntiú an tráth céanna go bhfuilimid ar chonair i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050
- Straitéis Fhadtéarmach Aeráide na hÉireann a chur chun feidhme, rud ina leagtar amach conairí i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050
- Aghaidh a thabhairt ar choigiltí neamh-leithdháilte astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus uasteorainn astaíochtaí earnála a fhorbairt don earnáil phoiblí don dara tréimhse buiséid carbóin (2026 - 2030)

- Caidreamh a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide i rith na bliana 2024
- Clár breisithe cumarsáide agus caidrimh aeráide a sholáthar, lena n-áirítear díriú ar fheasacht, ar litearthacht ar an aeráid, ar athrú iompraíochta, agus ar ghníomhú ar son na haeráide
- Infheistiú i ngníomhú ar son na haeráide tríd an gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide, agus tacú le hobair na nOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide agus le hÚdarás Áitiúla chun Criosanna Dícharbónaithe a fhorbairt



Spríoc Straitéiseach OI

OI A bheith mar cheannaire aitheanta maidir le gníomhú ar son na haeráide

Cuspóir Straitéiseach

A chinntiú gur cóir agus cothrom atá an t-aistriú chuig aeráidneodracht agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha nua a bheidh ag gabháil leis an aistriú

Leanúint le bearta um oiriúnú don athrú aeráide a dhéanamh chun a chinntiú go dtugtar cosaint ar dhaoine ar éifeachtaí an athraithe aeráide nach féidir a sheachaint in Éirinn a thuilleadh

Leas a bhaint go réamhghníomhach as saineolas, fianaise, taighde agus nuálaíocht chun buntacú le forbairt thráthúil agus cur chun feidhme thráthúil an bheartais aeráide

Gníomhartha

- Coimisiún buan um Aistriú Cóir a bhunú
- Deiseanna sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a uasmhéadú do phobail agus don lucht gnó trí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir

- Leagan nuashonraithe den Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe a chur chun feidhme chun dlús a chur le hathléimneacht a chothú in aghaidh thionchair an athraithe aeráide nach féidir a sheachaint, ar tionchair iad a bhíonn ag éirí níos géire
- Tacú le comhoibriú méadaithe earnála maidir le hoiriúnú don athrú aeráide trí Phleananna Oiriúnaithe Earnála a fhorbairt

- Straitéis Taighde agus Nuálaíochta a chur chun feidhme
- Cur leis an gcumas atá againn anailís thráthúil ábhartha agus samhaltú thráthúil ábhartha a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais
- Caidreamh a dhéanamh leis an lucht tionscail chun sonraí bonnlíne a bhailiú i ndáil leis an oiriúnú don athrú aeráide



Spríoc Straitéiseach 02

02 Ár gcóras fuinnimh a bhunathrú chun todhchaí shlán inacmhainne astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach.

Toradh na Sprice

Tá soláthairtí fuinnimh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne againn do theaghlaigh, do ghnólachaí, do phobail agus d'eagraíochtaí poiblí mar chomhpháirt ríthábhachtach de rathúnas gheilleagar agus shochaí na hÉireann; trínár gclár uaillmhianach iarfheistithe, tá leibhéal méadaitheach éifeachtúlachta fuinnimh againn i dtithe agus i bhfoirgnimh; agus leanann tascfhórsaí luathaithe le comhlíonadh spríocanna fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhrú chun cinn.



SFI - Spríoc 7
Fuinneamh
Inacmhainne agus
Glan



SFI - Spríoc 13
Gníomhú ar son
na hAeráide



SFI - Spríoc 9
Tionsclaíocht,
Nuálaíocht agus
Bonneagar

Cuspóir Straitéiseach

Earnáil leictreachais na hÉireann a bhunathrú ina córas atá ar mhórán foinsí in-athnuaite agus ar bheagán carbóin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar chonair chuig astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050

Gníomhartha

- An Clár um Fhorbairt Leictreachais In-athnuaite a Luathú a sholáthar chun gur ó fhoinsí leictreachais in-athnuaite a thíocfaidh 50% agus 80% den leictreachas ar fad faoi na blianta 2025 agus 2030 faoi seach
- Leanúint lenár gClár um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta a chur chun feidhme chun 5 GW de thoilleadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a sholáthar faoin mbliain 2030
- Leanúint le ceantanna iomaíocha a reáchtáil go tráthrialta chun tacú le hinfheistíocht i bhfuinneamh gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta agus i leictreachas gréine, agus creat giniúna mionscála a chur chun feidhme, chun gur ó fhoinsí leictreachais in-athnuaite a thíocfaidh 80% den fhuinneamh ar fad faoin mbliain 2030
- A chinntiú go bhfuil creat cuí pleanála agus forbartha i bhfeidhm le haghaidh forbairt eangach fuinnimh, le haghaidh fuinneamh gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta agus le haghaidh fuinneamh grianphainéal fótavoltach
- An Creat Todhchaíoch um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta a fhorbairt agus a leabú chun giniúint agus tomhaltas nua leictreachais in-athnuaite a fhorbairt tar éis na bliana 2030



Sprioc Straitéiseach 02

02 **Ár gcóras fuinnimh a bhunathrú chun todhchaí shlán inacmhainne astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach.**

Cuspóir Straitéiseach

Éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh sna hearnálacha cónaithe, poiblí agus tráchtála

Beartas comhleanúnach teasa agus reachtaíocht tacaíochta i bhfeidhm, lena dtugtar deimhneacht d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí

Gníomhartha

- Leanúint le soláthar a luathú agus a bhrú chun cinn i ndáil le hiarfheistiú, le teas ceantair agus le dícharbónú an stoic foirgneamh trí chlár oibre an Tascfhórsa um Theas agus an Timpeallacht Thógtha
 - Leanúint le hinfheistiocht Stáit a dhéanamh i dtacú leis an líon iarfheistithe doimhne agus an líon teaschaidéal a mhéadú
 - Leanúint le bearta tacaíochta, amhail an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí, a chur i bhfeidhm chun a inacmhainne atá uasghráduithe fuinnimh tí a mhéadú
 - A chinntiú go dtabharfaidh an earnáil phoiblí ceannaireacht le dea-shampla i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh trí threochlár earnála poiblí um an timpeallacht thógtha a dhícharbónú a chur chun feidhme, lena n-áirítear piblíne tionscadal iarfheistithe caipitil a sholáthar
 - Leanúint le caidreamh a dhéanamh leis na foirne cumarsáide de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le foireann Eolaíochta Iompraíochta SEAI chun athrú iompraíochta fadtéarmach a spreagadh i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh
 - Coigiltí fuinnimh úsáide deiridh a bhaint amach trí Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh agus trí bhearta malartacha, ar mhaithe leis an sprioc iomchuí faoi Airteagal 8 de Threoir 2023/1791 ón Aontas Eorpach a bhaint amach
 - Na forálacha den reachtaíocht iomchuí ón Aontas Eorpach a thrasú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus gnéithe den Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh
-
- Beartas agus reachtaíocht a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh dhícharbónú an teasa ar mhaithe leis an timpeallacht rialála a sholáthar a theastaíonn chun tacú le mórchur i bhfeidhm an téimh ceantair in Éirinn
 - Tacú le fás na dtionscal dúchasach nua Téimh Ceantair agus Bithmheatáin trí straitéisí fadtéarmacha a fhorbairt do na tionscail sin, agus Ionad Sármhaitheasa um Théamh Ceantair a bhunú
 - Treochlár a fhorbairt agus a chur i ngníomh le haghaidh deireadh a chur de réir a chéile le córais téimh lena n-úsáidtear breosláí iontaise



Spríoc Straitéiseach 02

Soláthairtí slána, inacmhainne agus iontaofa fuinnimh inbhuanaithe chun tacú lenár ngeilleagar agus lenár sochaí ar an gconair i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha.

02 **Ár gcóras fuinnimh a bhunathrú chun todhchaí shlán inacmhainne astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach.**

- Pacáiste Slándála Fuinnimh a chur chun feidhme
- Leanúint le cailliúint lóid leictreachais a laghdú chun go mbeidh sí níos gaire don chaighdeán 8 n-uaire an chloig, agus feabhas a chur ar an ionchas meántéarmach
- Ullmhacht d'éigeandálaí fuinnimh a chinntiú trí chleachtaí ullmhachta agus cleachtaí éigeandála fuinnimh a sheoladh
- Feabhas a chur ar chaidreamh leis an Aontas Eorpach, leis an mBreatain Mhór agus le Tuaisceart Éireann sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma
- Anailís a dhéanamh ar na nithe atá taobh thiar de mhéaduithe praghsanna fuinnimh faoi láthair agus a bheidh taobh thiar díobh sa todhchaí, lena n-áirítear tograí beartais
- Leagan athbhreithnithe den Phlean Gníomhaíochta um Thearcrochtain Fuinnimh a chur chun feidhme



Spríoc Straitéiseach 03

03 Ár dtimpeallacht nádúrtha a athshlánú, a chosaint agus a fheabhsú

Toradh na Sprice

Tá forbairt chomhtháthaithe beartais comhshaoil i bhfeidhm againn, rud lena dtugtar aghaidh ar na trí ghéarchéim atá ann ar an bpláinéad – an t-athrú aeráide, truailliú, agus cailliúint na bithéagsúlachta – agus lena gcuirtear réitigh theicneolaíocha agus dhúlraibhuanaithe i bhfeidhm; laghdaíomar ár mbearna chiorclaíochta, áit ar lú an méid a dhéanann sochaí chumhachtaithe agus ar lú na hacmhainní a úsáideann sí chun déanamh amhlaidh; agus bíonn ár n-acmhainní nádúrtha á mbainistiú againn ar bhealach inbhuanaithe.

Léirítear i dtáscairí comhshaoil gur tháinig feabhas ar fheidhmíocht (e.g., laghdú ar astaíochtaí agus ar chailliúint na bithéagsúlachta, laghdú ar ghiniúint dramhaíola, feabhas ar cháilíocht an aeir agus an uisce, etc.).



SFI - Spríoc 3
Dea-Shláinte agus Folláine



SFI - Spríoc 8
Obair Chuibhiúil agus Fás Geilleagrach



SFI - Spríoc 11
Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe



SFI - Spríoc 12
Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach



SFI - Spríoc 13
Gníomhú ar son na hAeráide



SFI - Spríoc 14
Beatha faoin Uisce



SFI - Spríoc 17
Comhpháirtíochtaí le haghaidh na Spriocanna

Cuspóir Straitéiseach

Feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a éascú trí fhorbairt níos comhtháite beartais comhshaoil ar fud na bpríomhréimsí uile den Rialtas agus trínár gcomhshaoil a chosaint tríd an gcóras pleanála

Gníomhartha

- Ráiteas náisiúnta a sholáthar maidir leis an mbeartas comhshaoil, rud ina dtugtar aghaidh ar na réimsí iomchuí uile, lena n-áirítear aeráid, bithéagsúlacht agus uisce
- Córas nua-aimseartha pleanála muiri atá oiriúnach don fheidhm a chruthú, ar córas é lena mbaintear dea-thorthaí amach do gach geallsealbhóir trí chreataí soiléire beartais agus reachtacha
- Dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta na hÉireann do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a sholáthar
- Leanúint leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud an Rialtais agus na sochaí



Spríoc Straitéiseach 03

03 Ár dtimpeallacht nádúrtha a athshlánú, a chosaint agus a fheabhsú

Cuspóir Straitéiseach

Ár bhfeidhmíocht dramhaíola a fheabhsú trí ghiniúint dramhaíola a chosc agus a íoslaghdú agus trí dhul i ngleic le coireacht agus truailliú dramhaíola

Ár mbearna chiorclaíochta a dhúnadh chun go n-éireimid inár gceannaire ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal domhanda san aistriú chuig Geilleagar Ciorclach, agus sinn ag tacú le téarnamh glas ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach agus a bheidh bunaithe ar phatrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe trí shíneadh a chur le saolré tháirgiúil na n-ábhar agus na dtáirgí a úsáidimid agus trí dheireadh a chur le míreanna áirithe aonúsáide

Acmhainní nádúrtha na hÉireann a thuiscint agus a chosaint agus iad a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chun tacú lenár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach, chun ár gcóras fuinnimh a bhunathrú, agus chun gur féidir leis an earnáil iascaigh intíre an fhíor-acmhainneacht atá aici a bhaint amach maidir le dea-shláinte agus folláine, cuimsiú sóisialta agus forbairt óige a chothú

Gníomhartha

- Tacú le torthaí níos fearr comhshaoil a bhaint amach trí úsáid a bhaint as ionstraimí eacnamaíocha nua chun athrú iompraíochta a chur i ngníomh ar mhaithe le hÉirinn a chur sa chiseal is airde feidhmíochta san Aontas Eorpach
- Bailiú dramhaíola tráchtála agus tí a athchóiriú arís eile chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus dreasacht mhéadaithe a sholáthar ó thaobh leithscaradh dramhaíola de
- Deimhneacht mhéadaithe rialála a sholáthar trí phróiseas ceadúnúcháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a athchóiriú chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm le haghaidh láithreáin dramhaíola agus thionsclaíochta a cheadúnú, gníomhaíocht gheilleagrach inbhuanaithe a mhéadú, agus tacú an tráth céanna le feidhmíocht chomhshaoil i measc láithreáin cheadúnaithe agus le gníomhaíocht níos éifeachtaí ar choireacht chomhshaoil.

- Creat straitéiseach a sholáthar ina leagfar amach na bearta lena bpríomhshruthófar an geilleagar ciorclach ar fud gach earnála agus lena dtacófar le huaillmhian na hÉireann meánfeidhmíochta an Aontais Eorpaigh a bhaint amach faoin mbliain 2030
- Tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach don lucht gnó agus do theaghlaigh trí raon dreasachtaí spriocdhírthe atá ceaptha chun tacú le diúltú (laghdú éilimh), le deisiúchán agus le hathúsáid
- Trí chur chuige earnála a ghlacadh, treochlár phraiticiúla a fhorbairt chun a léiriú cén chuma a bheadh ar an aistriú chuig geilleagar ciorclach d'earnálacha áirithe, amhail an earnáil teicstíil agus an earnáil foirgníochta, mar shampla
- Cumhacht agus tionchar phróiseas soláthair na hearnála poiblí a úsáid chun prionsabail na ciorclaíochta a leabú ar fud gach réimse de chaiteachas Rialtais

- Úsáid inbhuanaithe acmhainní mianracha na hÉireann a chosaint, a thuiscint agus a fhothú tríd an Ráiteas Beartais maidir le hAmhábhair Chriticiúla don Aistriú chuig Geilleagar Ciorclach a chur chun feidhme agus trí chaidreamh leantach a dhéanamh leis an nGrúpa Comhairleach um Thaiscéalaíocht Mianraí
- Creat rialála a sholáthar chun tacú le húsáid mhéadaithe fuinnimh gheoiteirmigh
- Leanúint le clár léarscáilithe mhuirí INFOMAR agus Clár Tellus a sheoladh, le Sonraí Screamhuisce a bhailiú agus leis an Tionscadal Taispeána Fuinnimh Gheoiteirmigh a réachtáil
- Creat soiléir beartais a fhorbairt chun Acmhainn Iascaigh Intíre na hÉireann a chosaint agus a athshlánú



Spríoc Straitéiseach 03

03 Ár dtimpeallacht nádúrtha a athshlánú, a chosaint agus a fheabhsú

Cuspóir Straitéiseach

An lucht gnó agus an tsochaí a chumhachtú chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú isteach sa dóigh a n-oibríonn agus a gcónaíonn siad

Feabhas a chur ar ár nAercháilíocht tríd an rialáil agus tríd an oideachas

Gníomhartha

→ Foinse údarásach faisnéise a sholáthar faoin ngeilleagar ciorclach trí ardán náisiúnta geilleagair chiorclaigh agus trí ionad sármhaitheasa náisiúnta um monaraíocht agus nuálaíocht ciorclach

→ Na Rialacháin maidir le Breoslaí Soladacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear struchtúir thacaíochta um Aercháilíocht a Fhorfheidhmiú a bhunú agus forfheidhmiú ilghníomhaireachta a neartú

→ Reachtaíocht bhreisithe um Aer Glan a achtú

→ Feasacht ar a thábhachtaí atá aer glan a chur chun cinn agus a mhéadú



Spríoc Straitéiseach 04

04 Nascacht agus cumarsáid den scoth a sholáthar

Toradh na Sprice

Tá bonneagar digiteach atá sofhreagrúil, sofhreagrach agus athléimneach i bhfeidhm againn chun tacú leis an ngeilleagar digiteach a bhunathrú ar mhaithe le gach saoránach, gach gnólacht agus gach pobal in Éirinn.



SFI - Spríoc 9
Tionsclaíocht,
Nuálaíocht agus
Bonneagar

Cuspóir Straitéiseach

Nascacht leathanbhanda ar ardchaighdeán a chinntiú le gach áitreabh agus gnólacht in Éirinn, beag beann ar láthair, trí bhearta beartais agus creat rialála lena spreagtar infheistíocht tráchtála agus trí thionscnaimh atá faoi stiúir ag an Rialtas

Ceannaireacht beartais dhigitigh a sholáthar, an tsochaí dhigiteach a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus fiontraíocht agus nuálaíocht dhigiteach a bhrú chun cinn

Gníomhartha

- Formhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthar an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda tríd an gconradh atá i bhfeidhm le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI) a rialú go héifeachtach
- Spríoc Nascachta Digítí an Stáit a chomhlíonadh chun nascacht leathanbhanda gigighiotáin a sholáthar do gach áitreabh sa Stát faoin mbliain 2028 agus nascacht shoghluaiste 5G a sholáthar do gach limistéar áitrithe faoin mbliain 2030
- Seirbhísí leathanbhanda snáithín chuig an mbaile a sholáthar do 300,000 áitreabh tríd an idirghabháil Stáit le NBI faoi dheireadh na bliana 2024, agus iad a sholáthar do 400,000 áitreabh faoi dheireadh na bliana 2025
- An fháil ar leathanbhanda gigighiotáin a léarscáiliú ar fud an Stáit, sainaitheant a dhéanamh ar láithreacha faidhbe ina bhféadfadh nach gcuirfeadh oibrítheoirí tráchtála leathanbhanda gigighiotáin i bhfeidhm, agus réitigh a fhorbairt chun aon fhadhbanna a shárú

- Straitéis idirghabhála nascachta idirnáisiúnta an Stáit a shainiú chun Éire a bhunú mar thairseach dhigiteach do thrácht sonraí an Aontais Eorpaigh agus chun a chinntiú go soláthrófar nascacht fhomhuirí ó Éirinn go díreach chuig an Eoraip
- Seasaimh nascachta digítí agus bheartais straitéisigh na hÉireann a chur in iúl go seasta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta
- Nuálaíocht a chothú trí threoirthionscadail nascachta a fhorbairt agus chun taighde a éascú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn
- Córas rabhaidh poiblí a thabhairt isteach chun gur féidir foláirimh a sheoladh chuig fóin phóca le linn cásanna éigeandála.
- Oibrítheoir a cheapadh chun an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála a oibriú ó mhí na Samhna 2025 ar aghaidh



Spríoc Straitéiseach 04

04 Nascacht agus cumarsáid den scoth a sholáthar

Cuspóir Straitéiseach

Formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcreat ceadúnúcháin Éirchód agus tacú le húsáid mhéadaithe a bhaint as Éirchód, go háirithe san earnáil phoiblí

Tacú leis An Post leanúint le hé féin a fhorbairt ina chuideachta láidir dhinimiciúil tráchtála Stáit, agus é ag comhlíonadh an Phlean Straitéisigh uaidh lena léirítear cuspóirí an Rialtais agus lena soláthraítear líonra inbhuanaithe postóifigí ar fud na tíre ina dtairgtear seirbhísí éagsúla ríomhthráchtála, airgeadais agus Rialtais

Gníomhartha

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail tráchtála um Cheadúnú Bainistíochta Postchód (Éirchód) Náisiúnta i gcomhthéacs na mórstraitéise sonraí atá i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus i gcomhthéacs na Treorach maidir le Sonraí Oscailte
- Na chéad soláthraithe eile Éirchód don tréimhse tar éis na bliana 2026 a shainaithint agus plean um aistriú ón soláthraí reatha a fhorbairt agus a chur chun feidhme

- Formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht An Post agus ar an dóigh a soláthraíonn sé an plean straitéiseach uaidh



Spríoc Straitéiseach 05

05 Cosaint agus athléimneacht fheabhsaithe cibearshlándaála a sholáthar ar fud an Rialtais agus na Sochaí

Toradh na Sprice

Mhéadaíomar cibearshlándaíl náisiúnta trí chosaint ghníomhach a chur i bhfeidhm, trí chomhlíonadh agus athléimneacht a fheabhsú, agus trí chosc, brath, faireachán, anailís agus maolú a bhreisiú; agus tá tionscal bríomhar méadaitheach cibearshlándaála againn in Éirinn.



SFI - Spríoc 9
Tionsclaíocht,
Nuálaíocht agus
Bonneagar

Cuspóir Straitéiseach

Gníomhartha

Lárionad Náisiúnta Cibearshlándaála a bhfuil dóthain acmhainní aige, atá oiriúnach don fheidhm, a bhfuil cumas aige faireachán a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándaála agus freagairt dóibh, agus a bhfuil inniúlachtaí breisithe aige i ndáil le feasacht ar dhálaí agus i ndáil le faisnéis faoi bhagairtí

Córas cibearshlándaála atá ailínithe leis an dea-chleachtas agus na ceanglais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

Tionscal bríomhar saineolach cibearshlándaála in Éirinn

- Leanúint le hinniúlachtaí teicniúla agus dlíthiúla an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándaála a fhorbairt ionas gur féidir leis an Lárionad an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándaála a chomhlíonadh ina hiomláine agus, go háirithe, faireachán a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándaála sa Stát agus na teagmhais sin a bhrath agus freagairt dóibh
- Anailís dhianseasmhach agus maolú dianseasmhach a dhéanamh ar chibir-rioscaí straitéiseacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trí mheasúnuithe sonraibhunaithe riosca a dhéanamh ar bhagairtí straitéiseacha

- Comhordú agus comhoibriú a dhéanamh le hÚdarás Inniúla atá ainmnithe faoin Treoir athbheithnithe maidir le Slándaíl Gréasán agus Faisnéis ar mhaithe leis an gcreat comhlíonta a chur chun feidhme
- Scéimeanna um dheimhniú cibearshlándaála a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

- Cuspóirí straitéiseacha le haghaidh an tionscal cibearshlándaála in Éirinn a fhorbairt a leagan amach i straitéis uile-Rialtais
- Tacú le tionscnaimh atá ceaptha chun athléimneacht cibearshlándaála a fheabhsú agus chun nuálaíocht a éascú trí chláir tacaíochta airgeadais a réachtáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do gheallsealbhóirí sochaíochta eile
- Scéim dheonach cibearshlándaála a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar scéim í atá ailínithe le caighdeáin idirnáisiúnta



Spríoc Straitéiseach 05

05 Cosaint agus athléimneacht fheabhsaithe cibearshlándála a sholáthar ar fud an Rialtais agus na Sochaí

Cuspóir Straitéiseach

Cumhachtaítear earnálacha ríthábhachtacha den gheilleagar an leibhéal foriomlán cibearshlándála náisiúnta a ardú

Gníomhartha

→ Líonraí Comhordúcháin agus Freagartha a oibriú ar fud earnálacha ríthábhachtacha den tsochaí ar mhaithe le hacmhainní, eolas, taithí, saineolas agus oiliúint a chomhthiomsú chun an leibhéal foriomlán slándála sa Stát a ardú



Spríoc Straitéiseach 06


06 Ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt

Toradh na Sprice

Roinn a bhféachtar uirthi mar áit iontach chun obair inti; áit a bhfuil bród mór orainn as an obair a dhéanaimid. Faighimid spreagadh agus inspreagadh ón bhforas go n-imríonn ár gcuid oibre tionchar ar ghnáthshaol laethúil gach duine a chónaíonn in Éirinn. Aithnímid na daoine a oibríonn linn agus forbraímid iad ionas gur féidir linn - ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon - leanúint lenár bhfís inspioráideach a chomhlíonadh, is é sin: Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de.



SFI - Spríoc 3
Dea-Shláinte
agus Folláine



SFI - Spríoc 8
Obair Chuibhiúil
agus Fás
Geilleagrach



SFI - Spríoc 5
Comhionannas
Inscne



SFI - Spríoc 10
Neamhionannais a
Laghdú

Cuspóir Straitéiseach

Timpeallacht chuimsitheach oibre ina dtugtar inspreagadh agus aitheantas do na daoine a oibríonn linn agus ina bhforbraítear iad

Gníomhartha

- Ár bhfórsa saothair a choinneáil, a fhorbairt agus a inspreagadh, bunaithe ar an Straitéis Daoine uainn don tréimhse 2023-2025
- Straitéis foghlama agus forbartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar straitéis í trína leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i scileanna agus saineolas ár mball foirne, agus sinn ag aillniú a gcuid foghlama agus forbartha le riachtanais eagraíochtúla ar bhealach atá, a mhéid is mó is féidir, comhsheasmhach le riachtanais an duine aonair
- Leanúint lenár gclár rannpháirtíochta agus aitheantais fostaithe a chur chun feidhme, bunaithe ar na luachanna atá againn: obair le chéile; tionchar a imirt; agus ardchaighdeán a sholáthar
- Ár mBeartas um Obair Chumaisc a leabú tuilleadh, rud lena gcothromaítear comhlíonadh ár gcuspóirí gnó agus cothromaíocht dhearfach oibre is saoil
- Cur go leanúnach le tionscnaimh folláine lena spreagtar tionscnaimh atá faoi stiúir ag an bhfoireann
- Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn dár mbaill foirne agus sna seirbhísí a sholáthraímid mar Roinn, agus caidreamh á dhéanamh againn le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Treisiú leis an tacaíocht a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní laistigh den Roinn



Spríoc Straitéiseach o6

o6 Ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt

Cuspóir Straitéiseach

Táimid struchtúrtha agus eagraithe chun tacú lenár bhfís a chomhlíonadh, is é sin: Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de

Féachaimid le hardchaighdeán a bhaint amach ar fud ár gcuid oibre, agus aitheantas á thabhairt dá thábhachtaí atá an obair a dhéanaimid

Gníomhartha

- Ár gcreat soláthair straitéisigh a leabú tuilleadh, ar creat é atá ceaptha chun ailíniú straitéiseach a chinntiú idir ár dtosaíochtaí, pleanáil fórsa saothair agus feidhmíocht airgeadais
 - Forbairt agus leabú a dhéanamh ar an dóigh a dtuairiscimid comhlíonadh tosaíochtaí gnó, á chinntiú go ndéantar nuashonruithe tráthúla ionas gur féidir díriú marthanach a leagan ar an soláthar
 - Feidhm straitéiseach measúnaithe agus soláthair a bhunú agus a leabú, ar feidhm í a dhíríonn ar thionscadail a dhearadh, a fhorbairt agus a chistiú atá le seoladh sa dara leath den tréimhse deich mbliana seo
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na Roinne, agus moltaí cuí a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbarrfheabhsófar na struchtúir sin tar éis tréimhse mharthanach fáis agus leathnaithe
 - Cumarsáid éifeachtach a chothú le geallsealbhóirí agus saoránaigh trinár gcuid straitéisí agus pleananna cumarsáide a chur chun feidhme
-
- Timpeallacht oibre atá nua-aimseartha, forásach agus bríomhar a sholáthar, áit a n-ailínítear ár dtimpeallacht fhisiciúil lenár gceannaireacht ar fud cuspóirí inbhuanaitheachta agus aeráide
 - Tacú lenár gcuid oibre trí leas a bhaint as seirbhísí digiteacha nua-aimseartha a bhíonn ag éirí níos forásaí i gcónaí
 - Oibriú de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh bainistíochta airgeadais de, lena n-áirítear soláthar agus bailiú ioncaim, chun comhlíonadh ceanglas náisiúnta, airgeadais, iniúchóireachta agus rialaithe a chinntiú, agus trédhearcacht agus luach ar airgead á gcinntiú an tráth céanna
 - Seirbhísí comhairleacha gairmiúla a sholáthar ar fud réimsí dlí, airgeadais, tráchtála agus eacnamaíochta chun a chinntiú go mbíonn obair na Roinne bunaithe ar shonraí, ar fhianaise agus ar anailís láidir
 - Leanúint le formhaoirseacht chuí a dhéanamh ar na Comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce ár nAire, á chinntiú go leanann siad le hoibriú de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh rialachais agus soláthair chorpáidigh de
 - Leanúint le sármhaitheas a thaispeáint inár rialachas corparáideach inmheánach, á chinntiú go bhfeidhmítear ár Roinn agus go gcuirtear ár n-oibleagáidí reachtúla agus beartais i gcrích go héifeachtach



An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

Le Chéile 25

Soláthar - Feabhsú - Bunathrú



RÁITEAS STRAITÉISE
2024 - 2025